Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0179(NLE)**

**13287/23**
**ADD 1**

**SOC 633**
**EMPL 452**
**EDUC 363**
**JEUN 227**
**ECOFIN 911**
**MI 776**
**FISC 204**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt - Ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire maidir leis an Moladh ón gComhairle thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

Tá an Ungáir tiomanta poist ardcháilíochta a chruthú agus tugann sí tacaíocht iomlán don nuálaíocht shóisialta orgánach ón mbun aníos agus go háirithe do bhearta chun an bhochtaineacht a laghdú, agus tacaíonn sí freisin le lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus cuimsiú sóisialta grúpaí faoi mhíbhuntáiste chomh maith le méadú ar dhlúthpháirtíocht shóisialta. Le creat dlíthiúil na hUngáire, foráiltear, *inter alia*, do dhreasachtaí suntasacha cánach do dhaoine óga, do theaghlaigh mhóra agus dóibh siúd a fhostaíonn daoine faoi mhíchumas.

Mar sin féin, measann an Ungáir go bhforáiltear, sa dréacht-Mholadh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt, do réitigh shriantacha uilechoiteanna agus feictear di go laghdófar go suntasach an deis atá ag na Ballstáit a mbeartais shóisialta, margaidh saothair, fostaíochta, fhioscacha agus eacnamaíocha a shainiú agus gur baol go gcuirfí isteach ar struchtúr na gcóras dlí náisiúnta agus na gcóras riaracháin phoiblí. Is cúis ar leith imní don Ungáir go bhféachann an Moladh le moltaí a ghlacadh maidir le hathstruchtúrú chórais cánach na mBallstát in ainneoin gur i réimse na fostaíochta atá a bhunús dlí. Thairis sin, measann an Ungáir nach bhfuil an roinn maidir le cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht i gcomhréir leis an gcineál dlíthiúil a bhíonn ag moladh, go háirithe cionn is go bhfuil an roinn sin ró-mhionsonraithe agus róshriantach. Creidimid gur baol go dtabharfaí neamhaird ar struchtúir shochaíocha na mBallstát atá an-éagsúil óna chéile dá bhforchuirfí cur chuige aonfhoirmeach i ndáil leis sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cur chun feidhme an Mholta glan-ualach a chruthú, ní hamháin ar na riaracháin phoiblí náisiúnta agus ar an Aontas Eorpach, ach ar na sochaithe féin agus ar na daoine féin dá bhfuil sé ceaptha a bheith ina chuidiú.

Dá bhrí sin, sa vóta i dtaca leis an Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt, is ag staonadh a bheidh an Ungáir.

---